

Eisiúint do na Meáin – Rialachas, rialú inmheánach agus saincheisteanna maidir le luach ar airgead in lascach Intíre Éireann

9 Deireadh Fómhair 2025

Inniu, cuireadh tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi rialachas, rialú inmheánach agus saincheisteanna maidir le luach ar airgead in lascach Intíre Éireann (IIÉ) faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Leis an scrúdú, rinneadh breithniú mionsonraithe ar shaincheisteanna ar údair imní iad maidir le socruithe rialachais IIÉ agus leormhaitheas a chórais rialaithe inmheánaigh. Ardaíodh na saincheisteanna sin roimhe seo i nochtuithe éagsúla a rinneadh in 2022 agus 2023 don Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Gníomhaíocht cosanta iascaigh agus ionchúisimh

Tá sé de phríomhfheidhm ag IIÉ acmhainní iascaigh a leathnaíonn chuig uiscí dromchla intíre agus uiscí cladaigh laistigh de 12 mhíle den chladach a chosaint agus a chaomhnú.

In 2018 agus 2019, d'athsholáthair IIÉ a fhlít 12 bhád righne inséidte (RIBanna) a úsáidtear chun a phatróil chosanta a dhéanamh, agus sin ar chostas iomlán €3.5 milliún. Mar sin féin, in 2019 d'ísigh an líon patról cosanta go mór toisc go ndearnadh athbhreithniú ar na ceanglais go mbeadh liagóirí cáilithe i gceannas ar phatróil agus toisc go ndeachaigh baill foirne oilte ar scor agus gur fhág siad. Rinneadh an acmhainneacht chun dul ar patról a athbhunú de réir a chéile faoi 2023, agus sin chuig thart ar 81% den sprioc a leag IIÉ síos trí oiliúint a chur ar phearsanra breise.

Is féidir le IFI tús a chur le hionchúisimh i leith cionta tromchúiseacha iascaigh agus comhshaoil, mar shampla maruithe éisc agus truailliú uisce. I mí an Mhárta 2023, fuair IIÉ amach gurb amhlaidh nach raibh smachtbhanna tarmligthe foirmiúil ón mBord, chun go dtionscnódh oifigigh IIÉ ionchúisimh, i bhfeidhm. Dá thoradh sin, tarraingíodh siar thart ar 50 cás ionchúisimh agus bhí tionchar mór aige sin ar chumas IIÉ chun a fheidhm chosanta a chomhlíonadh agus nochtadh é do chaillteanas airgeadais agus costais dlí fhéideartha. I mí an Mheithimh 2023, moladh ionchúisimh nuair a cuireadh smachtbhanna tarmligthe foirmiúil i bhfeidhm.

Maoiniú na gCuntas Díomhaoin a bhainistiú

Idir 2019 agus 2021, fuair IFI €1.18 milliún san iomlán ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Fuarthas an méid a leanas amach leis an scrúdú

- gurbh amhlaidh i gcásanna áirithe, nach raibh caiteachas ailínithe go hiomlán le cuspóir beartaithe an mhaoinithe deontais, agus is éard a tháinig as sin gur aisíoc IIÉ €28,000 le Ciste na gCuntas Díomhaoin in 2022
- bhí easnaimh i gcomórtas tairisceana a rinneadh in 2019 le haghaidh clár gníomhachtais do shlatiascairí nua, lenar bhain luach conartha €19,750
- laigí móra i gcreat rialachais, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha IIÉ i ndáil le maoiniú deontais €4,000 a sholáthair IIÉ do chlub slatiascaireachta mara Mhachaire Eabha i mí an Mhárta 2021.

Lóiste agus teachíní Eas Liath a bhainistiú

Tá réadmhaoín mhór seanré ag IIÉ, ar a dtugtar Lóiste Eas Liath, a tógadh mar lóiste iascaireachta in aice le habhainn na hOirimhe i gContae Mhaigh Eo. Chomh maith leis an Lóiste, tá dhá theachín féinfhreastail agus bonn oibríochtaí IIÉ ar na tailte. Is sócmhainní móra iad sin atá i seilbh IIÉ agus, dá réir sin, tá oibleagáid ar an mBord a chinntiú go gcosnófar luach na sócmhainní agus go ndéanfar aon úsáid fhéideartha a bhaintear astu, nó barrachas eacnamaíoch, a fhabhrú chuig IIÉ agus/nó an Stát.

In athbhreithniú iniúchóireachta inmheánach a cuireadh i gcrích i mí Eanáir 2023, sainithníodh laigí móra i gcleachtais IIÉ maidir le soláthar, bainistíocht conartha agus bainistíocht airgeadais i ndáil le Lóiste Eas Liath agus leis na teachíní saoire gaolmhara ar cíós. Leis na heasnamh sa rialú, nochtadh IIÉ do riosca airgeadais neamhriachtanach agus seans nach raibh torthaí maithe ó thaobh luach ar airgead ann dá dheasca sin.

Saincheisteanna eile maidir le rialú inmheánach

I gcaitheamh roinnt blianta, tharla clistí móra i gcóras rialuithe IIÉ agus níor braitheadh iad trí fheidhmeanna formhaoirseachta amhail an Bord agus an t-iniúchadh inmheánach.

Níl aon fhianaise ann lena léirítear go ndearadh anailís chuí, nó go ndearadh cás gnó foirmiúil chun láthair oibre POF a athrú don tréimhse ó mhí na Samhna 2021 go mí Feabhra 2023. San iomlán, d'éiligh POF costais chothaithe is mó ná €7,900 a bhaineann leis an athrú ar an mbonn oibre, agus fuair IIÉ suim is mó ná €1,000 de na costais sin ar ais.

In 2020, bhí 53 cárta creidmheasa eisithe ag IIÉ chuig baill foirne agus bhí an caiteachas comhcheangailte ar na cártaí cothrom le breis is €148,000. Faoi dheireadh 2024, laghdaíodh an líon cártaí creidmheasa chuig 17 gcárta. Cé gur dul chun cinn atá ansin, is cosúil fós go bhfuil an líon cártaí iomarcach le haghaidh eagraíocht ar mhéid IIÉ agus is cosúil nach bhfuil aon údar gnó baili ann le leanúint den líon reatha cártaí creidmheasa a choinneáil.

Is cosúil go bhfuil scála an fhlít feithiclí a oibríonn IIÉ iomarcach i gcomparáid leis an líon ball foirne, rud a thugann úsáid neamhéifeachtúil as cistí an Stáitchiste le fios. Is éard a tháinig as saincheisteanna éagsúla i ndáil le feithiclí a bheith in úsáid ag baill foirne IIÉ gur chomhaontaigh IIÉ socraíocht dar luach beagnach €296,000 leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le sochar comhchineáil. Maidir le hearráid riaracháin a d'fhág nár cuireadh cuid d'fhlít feithiclí IIÉ faoi árachas ar feadh tréimhse, níor tháinig sí chun solais go raibh ceann de na feithiclí rannpháirteach i dtimpiste tráchta ar bhóithre. De dheasca an easnamh sin, nochtadh IIÉ do chaillteanais a bhí cothrom le nach mór €230,000 san iomlán.

Ar feadh roinnt blianta, d'úsáid IIÉ foireann gníomhaireachta ar bhonn leanúnach agus is éard a tháinig as sin gur oibrigh IIÉ, go comhsheasmhach, os cionn a líonta ceadaithe. Bhí an costas a bhaineann le foireann gníomhaireachta a fhostú in 2021 cothrom le €743,000, rud a mhéadaigh chuig €882,000 in 2022. In 2021, rinneadh fócaíochtaí iomarcaíochta reachtúla, €11,000 san iomlán, le beirt bhall foirne gníomhaireachta a bhí fostaíthe ar feadh dhá bhliain gan aon bhriseadh sa tseirbhís. I gcás ar leithligh, le linn 2021 agus 2022, rinneadh fócaíochtaí socraíochta agus iomarcaíochta, a bhí cothrom le nach mór €99,000 san iomlán, le 12 fhostaí.

Nótaí le haghaidh Eagarthóirí

Is oifigeach bunreachtúil neamhspleách é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tá sé freagrach as cistí poiblí a iniúchadh. Tuairiscíonn sé chuig Dáil Éireann.

An 24 Iúil 2025, shínigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an tuarascáil agus cuireadh chuig an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil í an 25 Iúil 2025. Faoi alt 11 d' Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear ar an Aire an tuarascáil a chur faoi bhráid Dháil Éireann laistigh de thrí mhí ón dáta a cuireadh an tuarascáil faoina bráid.

<https://www.audit.gov.ie/en/find-report/publications/2025/governance-internal-control-and-value-for-money-issues-in-inland-fisheries-ireland.pdf>

Ba cheart fiosrúcháin faoin tuarascáil a chur chuig Ruth Foley ag (01) 863 8620 nó pressrelease@audit.gov.ie